EBA/GL/2022/08

30/06/2022

# Treoirlínte

## maidir leis na cleachtaí bailithe sonraí i ndáil le lucht ardioncaim faoi Threoir 2013/36/AE agus faoi Threoir (AE) 2019/2034

# Oibleagáidí comhlíonta agus tuairiscithe

## Stádas na dtreoirlínte seo

1. Tá treoirlínte sa doiciméad seo a eisíodh de bhun Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010[1]. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla agus d'institiúidí airgeadais gach iarracht a dhéanamh na treoirlínte a chomhlíonadh.

2. Sna treoirlínte sonraítear tuairim an ÚBE maidir le cleachtais mhaoirseachta iomchuí laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais nó maidir le conas ba cheart dlí an Aontais a chur i bhfeidhm i limistéar ar leith. Ba cheart d'údaráis inniúla, mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbaineann treoirlínte, comhlíonadh a áirithiú trí na treoirlínte a ionchorprú ina gcleachtais mar is cuí (e.g. trína gcreat dlíthiúil nó trína bpróisis mhaoirseachta a leasú), lena n-áirítear cásanna ina bhfuil treoirlínte dírithe go príomha ar institiúidí airgeadais.

## Ceanglais tuairiscithe

3. De réir Airteagal 16(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, ní mór d'údaráis inniúla fógra a thabhairt don ÚBE maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu, nó cibé an bhfuil nó nach bhfuil sé ar intinn acu iad a chomhlíonadh, nó cúiseanna a sholáthar le neamhchomhlíonadh ar shlí eile, faoi 05.12.2022. In éagmais aon fhógra faoin spriocdháta seo, measfaidh an ÚBE go bhfuil údaráis inniúla neamhchomhlíontach. Ba chóir fógraí a sheoladh tríd an bhfoirm atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚBE a chur isteach agus an tagairt "EBA/GL/2022/08" a úsáid. Ba cheart go mbeadh fógraí curtha isteach thar ceann a n-údarás inniúil ag daoine a bhfuil an t-údarás cuí acu chun comhlíonadh a thuairisciú. Ní mór aon athrú ar an stádas comhlíonta a thuairisciú don ÚBE chomh maith.

4. Foilseofar fógraí ar shuíomh gréasáin an ÚBE, de réir Airteagal 16(3).

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch 12).

# Ábhar, raon feidhme agus sainmhínithe

## Ábhar

1. Sonraítear sna Treoirlínte sin, i gcomhréir le hAirteagal 75(3) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE agus Airteagal 34(4) de Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE, conas ba cheart na forálacha sin a chur chun feidhme i ndáil le bailiú faisnéise maidir le daoine aonair in aghaidh na hinstitiúide agus in aghaidh an ghnólachta infheistíochta a fhaigheann luach saothair EUR 1 mhilliún nó níos mó in aghaidh na bliana airgeadais, lena n-áirithítear comhsheasmhacht na faisnéise a chuireann institiúidí agus gnólachtaí infheistíochta faoi bhráid na n-údarás inniúil agus a chuireann údaráis inniúla faoi bhráid an ÚBE.

## Raon feidhme

2. Tá feidhm ag na Treoirlínte seo maidir leis an bhfaisnéis ba cheart d’údaráis inniúla a bhailiú ó institiúidí agus ó ghnólachtaí infheistíochta maidir le lucht ardioncaim agus iad a chur faoi bhráid an ÚBE chun an fhaisnéis sin a fhoilsiú ar bhonn comh-iomlán Ballstáit baile i bhformáid tuairiscithe choiteann.

3. Nuair a bheidh feidhm ag Airteagal 13 de Rialachán (AE) 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 nó Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le ceanglais stuamachta gnólachtaí infheistíochta, beidh feidhm ag na treoirlínte sin i gcomhréir le mír 12 agus mír 15 ar an leibhéal comhdhlúite.

4. Nuair nach bhfuil feidhm ag Airteagal 13 de Rialachán (AE) 575/2013 agus ag Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033, tá feidhm ag na treoirlínte sin ar bhonn aonair mar a shonraítear in Airteagail 6 - 10 de Rialachán (AE) 575/2013 agus in Airteagal 5 agus Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/2033.

## Seolaithe

5. Tá na Treoirlínte seo dírithe ar údaráis inniúla dá dtagraítear dóibh in Airteagal 4(2), pointe (i) agus pointe (viii) de Rialachán Uimh. 1093/2010 agus ar institiúidí airgeadais mar a shainmhínítear iad in Airteagal 4(1) de Rialachán Uimh. 1093/2010 ar institiúidí iad mar a

shainmhínítear iad i bpointe (3) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 575/2013, ag féachaint do ghnólachtaí infheistíochta atá faoi réir Airteagal 1(2) nó Airteagal (5) de Rialachán (AE) 2019/2033 (ba cheart glacadh leis go bhfuil gnólachtaí infheistíochta den sórt sin san áireamh i ngach tagairt a dhéantar d'institiúidí), agus do ghnólachtaí infheistíochta mar a shainmhínítear iad i bpointe (1) d'Airteagal 4(1) de Threoir 2014/65/AE atá faoi réir Airteagal 25 agus Airteagal 34 de Threoir (AE) 2019/2034 ("gnólachtaí infheistíochta"), (dá ngairtear "gnólachtaí" le chéile).

## Sainmhínithe

6. Mura sonraítear a mhalairt, maidir le téarmaí a úsáidtear agus a shainmhínítear i dTreoir 2013/36/AE agus i Rialachán (AE) 575/2013 agus i dTreoir (AE) 2019/2034 agus i Rialachán (AE) 2019/2033 chomh maith le treoirlínte an ÚBE maidir le beartais fhónta luacha saothair faoi Threoir 2013/36/AE[2], sa chás go dtagraítear d'institiúidí sa sainmhíniú, agus faoi threoirlínte an ÚBE maidir le beartais fhónta luacha saothair faoi Threoir (AE) 2019/2034[3], sa chás go dtagraítear sa sainmhíniú do ghnólachtaí infheistíochta, tá an bhrí chéanna leo sna treoirlínte seo.

7. Ina theannta sin, chun críocha na dTreoirlínte seo, ba cheart go mbeadh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Lucht ardioncaim | ciallaíonn sé sin ball foirne nó baill foirne a thuilleann luach saothair EUR 1 mhilliún ar a laghad sa bhliain airgeadais tuairiscithe. |
| Gnólacht | ciallaíonn sé sin gach institiúid, gnólacht infheistíochta, brainse d'institiúidí creidmheasa tríú tír agus brainse de ghnólachtaí infheistíochta tríú tír ar cheart sonraí maidir le lucht ardioncaim a bhailiú ina leith. |
| Réim íocaíochta | raon mhéid luach saothair chomhiomláin bhliantúil lucht ardioncaim, a shainmhínítear i gcéimeanna de EUR 1 mhilliún agus a thosaíonn ag EUR 1 mhilliún. |

[2] Foilsítear na Treoirlínte faoi: https://www.eba.europa.eu/regulation-and-policy/remuneration/guidelines-on-sound-remuneration-policies

[3] Foilsítear na Treoirlínte faoi: https://www.eba.europa.eu/regulation-and-policy/investment-firms/guidelines-remuneration-policies-investment-firms

# Cur chun feidhme

## An dáta iarratais

8. Tá feidhm ag na Treoirlínte ón 31 Nollaig 2022 i ndáil leis na sonraí atá le bailiú in 2023 don bhliain airgeadais 2022 chun a áirithiú go ndéanfar sonraí bliantúla a bhailiú go leanúnach maidir le lucht ardioncaim faoi Threoir 2013/36/AE agus go comhthreomhar le bailiú sonraí maidir le lucht ardioncaim faoi Threoir (AE) 2019/2034.

## Socruithe idirthréimhseacha

9. Ba cheart do ghnólachtaí sonraí maidir le lucht ardioncaim don bhliain airgeadais dar críoch 2022 a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil faoin 31 Lúnasa 2023 agus ba cheart do na húdaráis inniúla iad a chur faoi bhráid an ÚBE faoin 31 Deireadh Fómhair 2023.

## Aisghairm

10. Déantar Treoirlínte an ÚBE maidir leis an gcleachtadh bailithe sonraí i ndáil le lucht ardioncaim (EBA/GL/2014/07) ón 16 Iúil 2014 a aisghairm le héifeacht ón 31 Nollaig 2022.

11. Déanfar tagairtí i dTreoirlínte eile an ÚBE do na Treoirlínte a aisghairtear le mír 10 a fhorléiriú mar thagairtí do na treoirlínte seo.

# Treoirlínte maidir leis na cleachtaí bailithe sonraí i ndáil le lucht ardioncaim faoi Threoir 2013/36/AE agus faoi Threoir (AE) 2019/2034

## 1. Raon feidhme na gcleachtaí bailithe sonraí

## 1.1 Raon feidhme na n-institiúidí atá faoi réir bhailiú sonraí lucht ardioncaim faoi Threoir 2013/36/AE

12. Nuair atá na treoirlínte á gcur i bhfeidhm ar an leibhéal comhdhlúite i gcomhréir le mír 3, ba cheart don mháthairinstitiúid de chuid an Aontais, don mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais de chuid an Aontais nó don mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais, lena n-áirítear máthairghnólacht infheistíochta

de chuid an Aontais, máthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid an Aontais nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha AE, ag féachaint d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2019/2033, na sonraí maidir le lucht ardioncaim a chur faoi bhráid an mhaoirseora chomhdhlúthacháin mar a shonraítear i Roinn 2 i gcás eintitis uile an ghrúpa atá faoi réir comhdhlúthú stuamachta.

13. Ba cheart d'institiúidí aonair, lena n-áirítear gnólachtaí infheistíochta ag féachaint d'Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2019/2033, nach bhfuil laistigh den chomhdhlúthú i gcomhréir le mír 3, a sonraí maidir le lucht ardioncaim a chur faoi bhráid an údaráis inniúil mar atá sonraithe i Roinn 2 ar bhonn aonair.

14. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcuirfidh brainsí d'institiúidí tríú tír atá bunaithe ina mBallstát a gcuid sonraí maidir le lucht ardioncaim faoi bhráid na n-institiúidí sin mar a shonraítear i Roinn 2.

## 1.2 Raon feidhme na ngnólachtaí infheistíochta atá faoi réir an bhailithe sonraí maidir le lucht ardioncaim faoi Threoir (AE) 2019/2034

15. Nuair a bheidh na treoirlínte á gcur i bhfeidhm ar an leibhéal comhdhlúite i gcomhréir le mír 3, ba cheart don mháthairghnólacht infheistíochta an Aontais, máthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta an Aontais nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha an Aontais na sonraí maidir le lucht ardioncaim mar atá sonraithe i Roinn 2 a chur faoi bhráid an mhaoirseora chomhdhlúthacháin maidir le heintitis uile an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta atá faoi réir comhdhlúthú stuamachta.

16. Ba cheart do ghnólacht infheistíochta aonair nach bhfuil laistigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe i gcomhréir le mír 3, a shonraí maidir le lucht ardioncaim, mar atá sonraithe i Roinn 2, a chur faoi bhráid an údaráis inniúil ar bhonn aonair.

17. Ba cheart d'údaráis inniúla a áirithiú go gcuirfidh brainsí de ghnólachtaí infheistíochta tríú tír atá bunaithe ina mBallstát a sonraí ardioncaim faoi bhráid na mbrainsí sin mar a shonraítear i Roinn 2.

# 2. Sonraíochtaí nós imeachta do ghnólachtaí

18. Ba cheart sonraí maidir le lucht ardioncaim (féach freisin Iarscríbhinn IV) a chur faoi bhráid an údaráis inniúil gach bliain d'aon bhliain airgeadais ar leith (an "bliain thuairiscithe") faoin 15 Meitheamh an chéad bhliain féilire eile, mar a leanas:

a. institiúidí dá dtagraítear i bhForoinn 1.1, ag úsáid an teimpléid don bhailiú sonraí a shonraítear faoi:

   i. Iarscríbhinn I maidir le daoine de lucht ardioncaim ar baill foirne institiúidí agus eintiteas eile iad faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe;

   ii. Iarscríbhinn II maidir le daoine de lucht ardioncaim ar baill foirne iad i ngnólachtaí infheistíochta faoi réir Airteagal 25 agus Airteagal 34 de Threoir (AE) 2019/2034;

b. gnólachtaí infheistíochta dá dtagraítear i bhForoinn 1.2, agus úsáid á baint acu as an teimpléad le haghaidh an bhailithe sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn II.

19. Ba cheart nach n-áireofaí leis na sonraí dá dtagraítear dóibh i mír 18 (a) na daoine de lucht ardioncaim ar fad in Iarscríbhinn I, agus in Iarscríbhinn II, díreach na daoine de lucht ardioncaim a shonraítear faoi (ii) de mhír 18 (a), lena n-áirítear sna cásanna seo a leanas:

   a. Tá an gnólacht infheistíochta faoi réir na bhforálacha maidir le luach saothair faoi Threoir 2013/36/AE ar bhonn comhdhlúite, tar éis an lánrogha náisiúnta faoi Airteagal 109(6) den treoir sin a chur i bhfeidhm.

   b. Tugadh sainordú do na daoine de lucht ardioncaim gníomhaíochtaí gairmiúla a dhéanamh sna cásanna a áirítear faoi Airteagal 109(5)(a) agus b) den treoir sin.

20. Níor cheart sonraí maidir le lucht ardioncaim a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil agus ansin faoi bhráid an ÚBE ach amháin tar éis do ghnólachtaí agus d'údaráis inniúla iomláine agus cruinneas na sonraí a áirithiú, i gcomhréir leis na treoracha teicniúla a chuireann na húdaráis inniúla ar fáil agus i gcomhréir leis na sonraíochtaí ginearálta agus na sonraíochtaí cáilíochta sonraí a shonraítear i Roinn 3 agus i Roinn 9 agus leis na sonraíochtaí breise a shonraítear i Roinn 4 agus i Roinn 5.

21. I gcás nach bhfuil daoine de lucht ardioncaim le tuairisciú ag gnólachtaí, ní gá an fhaisnéis sin a chur ar fáil, ach amháin má éilíonn an t-údarás inniúil sin go sainráite.

## 3. Sonraíochtaí ginearálta maidir le bailiúcháin sonraí faoin lucht ardioncaim

22. Ba cheart do ghnólachtaí sonraí maidir le lucht ardioncaim le haghaidh gach Ballstáit a bhfuil lucht ardioncaim lonnaithe iontu agus le haghaidh gach réim íocaíochta de EUR 1 mhilliún (e.g. EUR 1 mhilliún go dtí níos lú ná EUR 2 mhilliún; EUR 2 mhilliún go dtí níos lú ná EUR 3 mhilliún, etc.) a chur ar fáil. Ba cheart gach duine sa chatagóir lucht ardioncaim a leithdháileadh ar an réim íocaíochta bunaithe ar luach saothair iomlán an bhaill foirne a dhámhtar don bhliain airgeadais.

23. Ba cheart do ghnólachtaí an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as figiúirí dheireadh na bliana airgeadais ainmnithe in euro. Ba cheart méideanna a thuairisciú mar mhéideanna iomlána, i.e. ní mar mhéideanna slánaithe (e.g. EUR 1 234 567.00 seachas EUR 1.2 milliún).

24. Ba cheart gach ball foirne a fuair EUR 1 mhilliún nó níos mó don bhliain airgeadais a thuairisciú, fiú má d'fhág an ball foirne an gnólacht roimh dheireadh na bliana airgeadais nó mura sroichtear an méid EUR 1 mhilliún ach amháin mar gheall ar luach saothair inathraithe ráthaithe nó scaoilíocaíochtaí ráthaithe a dhámhachtain.

25. Sa chás go bhfuil sonraí maidir le lucht ardioncaim á dtuairisciú ag gnólachtaí a nochtann figiúirí airgeadais in airgeadra seachas EUR, ba cheart an ráta malairte arna úsáid ag an gCoimisiún le haghaidh pleanáil airgeadais agus le haghaidh bhuiséad mhí na Nollag na bliana tuairiscithe a úsáid chun na figiúirí atá le tuairisciú a chomhshó.

26. Ba cheart an líon daoine sa chatagóir lucht ardioncaim a thuairisciú mar an líon daoine nádúrtha (an líon daoine), neamhspleách ar an líon uaireanta oibre a bhfuil a gconradh bunaithe air. Chomh fada is a bhaineann le lucht ardioncaim, ba cheart an luach saothair a dámhadh in euro, gnéithe den luach saothair, an Ballstát, an limistéar feidhme nó gnó agus an fhreagracht a thuairisciú.

27. Ba cheart go n-áireofaí sa líon daoine aonair sa ró dar teideal "líon na ndaoine aonair a bhfuil feidhmeanna rialaithe á gcomhlíonadh acu", lucht ardioncaim ar fad a bhfuil feidhmeanna rialaithe á gcomhlíonadh acu laistigh d'aonaid ghnó agus den fheidhm neamhspleách comhlíonta, rialaithe riosca agus iniúchta inmheánaigh.

28. Ba cheart lucht ardioncaim a aicmiú faoin mBallstát, feidhm nó limistéar gnó agus freagracht ina ndéanann siad an chuid is mó dá ngníomhaíochtaí gnó. Ba cheart méid iomlán an luacha saothair dáfa ar an duine ábhartha de lucht ardioncaim laistigh den ghrúpa nó den ghnólacht tuairiscithe a thuairisciú faoin mBallstát, feidhm nó limistéar gnó agus freagracht sin. Má tá an meáchan céanna luaite le dhá limistéar nó níos mó le haghaidh duine de lucht ardioncaim, ba cheart don ghnólacht an duine de lucht ardioncaim agus a luach saothair a leithdháileadh agus leithdháileadh daoine eile de lucht ardioncaim a chur san áireamh, ionas go léirítear dáileadh na ndaoine de lucht ardioncaim laistigh den ghnólacht ar an mbealach is fearr agus is féidir.

29. Ba cheart faisnéis maidir le luach saothair lucht ardioncaim agus maidir leis na gnéithe sonracha de luach saothair inathraithe a chur ar fáil le haghaidh gach duine de lucht ardioncaim, gan beann ar cibé acu an sainaithnítear nó nach sainaithnítear an duine de lucht ardioncaim mar bhall foirne. Ba cheart feidhm a bheith ag an méid sin freisin maidir le lucht ardioncaim a áirítear in Iarscríbhinn I agus atá faoi réir creat sonrach luacha saothair i gcomhréir le hAirteagal 109(4) de Threoir 2013/36/AE agus a thuairiscítear in Iarscríbhinn II freisin, a chiallaíonn gur cheart luach saothair a dhámhtar in "ionstraimí neamhairgid a

léiríonn ionstraimí na bpunann arna mbainistiú" nó luach saothair arna dhámhachtain faoi "socruithe malartacha formheasta" a leithdháileadh ar "ionstraimí eile" in Iarscríbhinn I.

30. Maidir le lucht ardioncaim a dhéanann gníomhaíochtaí gairmiúla laistigh agus lasmuigh den Aontas, níor cheart iad a aicmiú faoi Bhallstát ach amháin má dhéanann siad an phríomhchuid dá ngníomhaíochtaí gairmiúla laistigh den Aontas. Seachas sin, níor chóir an ball foirne a thuairisciú mar dhuine de lucht ardioncaim.

31. Ba cheart leithdháileadh an luacha saothair ar an gcuid sheasta agus athraitheach den luach saothair a dhéanamh, de réir mar is infheidhme, de réir Roinn 7 de Threoirlínte an ÚBE maidir le beartais fhónta luacha saothair faoi Threoir 2013/36/AE agus Roinn 7 faoi Threoirlínte an ÚBE maidir le beartais fhónta luacha saothair faoi Threoir (AE) 2019/2034.

32. Ba cheart míreanna neamhairgeadaíochta luacha saothair a thuairisciú lena gcoibhéis airgeadaíochta (e.g. an méid a ngearrtar cáin air) agus ba cheart iad a áireamh mar "foirmeacha eile" luacha saothair.

33. Ba cheart scaoilíocaíochtaí, luach saothair inathraithe ráthaithe agus sochair phinsin lánroghnacha a áireamh sa luach saothair inathraithe iomlán agus ba cheart iad a chur ar fáil sa chuid den tábla ina bhfuil faisnéis bhreise freisin.

34. I ndáil leis an gcleachtadh bailithe sonraí maidir le lucht ardioncaim, ba cheart lucht ardioncaim a thuairisciú mar bhaill foirne "sainaitheanta" má chaitheann gnólachtaí leo mar "bhaill foirne shainaitheanta" ar an leibhéal comhdhlúite nó ar an leibhéal aonair, agus an méid seo a leanas a chur san áireamh:

    a. in Iarscríbhinn I,

        i. ba cheart go n-áireofaí sna baill foirne shainaitheanta, baill foirne shainaitheanta na hinstitiúide a chuireann na sonraí ar fáil agus a fochuideachtaí atá faoi réir chur i bhfeidhm na gceanglas luacha saothair faoi Airteagal 92 agus Airteagal 94 de Threoir 2013/36/AE ar bhonn aonair nó ar bhonn comhdhlúite; agus

        ii. baill foirne i bhfochuideachtaí atá faoi réir creat sonrach luacha saothair i gcomhréir le hAirteagal 109(4) de Threoir 2013/36/AE, ach atá faoi réir na gceanglas luacha saothair faoi Airteagal 92 agus Airteagal 94 den Treoir sin i gcomhréir le hAirteagal 109(5) nó Airteagal 109(6) den Treoir sin;

    b. in Iarscríbhinn II,

        i. ba cheart go n-áireofaí i measc ball foirne sainaitheanta, baill foirne shainaitheanta gnólachtaí infheistíochta atá faoi réir chur i bhfeidhm na gceanglas luacha saothair faoi Airteagal 30 agus Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034 ar bhonn aonair; agus

ii. i gcás ina mbeidh feidhm ag na ceanglais in Airteagal 30 agus in Airteagal 32 de Threoir (AE) 2019/2034 ar bhonn comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033, baill foirne i bhfochuideachtaí nach bhfuil faoi réir Airteagal 30 agus Airteagal 32 den Treoir sin a mbíonn tionchar ábhartha ag a ngníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó ar na sócmhainní a bhainistíonn sé ar bhonn comhdhlúite.

# 4. Sonraíochtaí breise maidir le bailiú sonraí lucht ardioncaim le hIarscríbhinn I

35. Chun lucht ardioncaim a leithdháileadh ar fheidhmeanna nó ar limistéir ghnó in Iarscríbhinn I, ba cheart do ghnólachtaí a socruithe eagraithe inmheánacha agus an méid seo a leanas a chur san áireamh:

a. Ba cheart baill den chomhlacht bainistíochta, lena n-áirítear baill de chomhlacht bainistíochta fochuideachtaí a leithdháileadh, ach níor cheart baill de chomhlacht bainistíochta gnólachtaí infheistíochta atá faoi réir Airteagal 25 agus Airteagal 34 de Threoir (AE) 2019/2034 a leithdháileadh, de réir mar is infheidhme, ar an gcolún dar teideal "comhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta" nó "comhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta" neamhspleách ar shamhail ghnó an ghnólachta.

   i. Is éard atá i gceist le "feidhm mhaoirseachta an chomhlachta bainistíochta", baill den chomhlacht bainistíochta atá i mbun an róil a bhfuil sé mar aidhm leis maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chinnteoireacht na foirne bainistíochta (i.e. stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin).

   ii. Is éard atá i gceist le "feidhm bhainistíochta an chomhlachta bainistíochta", baill an Chomhlachta Bainistíochta, atá freagrach as a fheidhmeanna bainistíochta (i.e. stiúrthóirí feidhmiúcháin).

b. Ba cheart go n-áireofaí i "baincéireacht infheistíochta" maoiniú corparáideach, trádáil agus díolachán mar atá sainmhínithe in Airteagal 317, Tábla 2 de Rialachán (AE) 575/2013, idirbhearta caipitil margadh-thiomanta mar atá sainmhínithe in Airteagal 192(3) de Rialachán (AE) 575/2013 agus cothromas príobháideach.

c. Ba cheart go n-áireofaí i "baincéireacht mhiondíola" gníomhaíocht iomlán iasachtaithe na n-institiúidí (do dhaoine aonair agus d'fhiontair).

d. Ba cheart go n-áireofaí i "bainistiú sócmhainní" in Iarscríbhinn I bainistiú sócmhainní laistigh de:

   i. an institiúid;

ii. fochuideachtaí ar institiúidí iad; agus

iii. fochuideachtaí ar gnóthais iad le haghaidh comh-infheistíochta in urrúis inaistrithe, bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha agus gnólachtaí infheistíochta nach bhfuil faoi réir Airteagal 25 agus Airteagal 34 de Threoir (AE) 2019/2034.

e. Ba cheart go n-áireofaí i "feidhmeanna corparáideacha" baill foirne i ngach feidhm atá freagrach as an institiúid ar fad ar an leibhéal comhdhlúite agus as fochuideachtaí a bhfuil feidhmeanna den sórt sin acu ar an leibhéal aonair, e.g. acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise.

f. Níor cheart go n-áireofaí i "feidhmeanna rialaithe neamhspleácha" ach baill foirne atá gníomhach i bhfeidhmeanna bainistíochta riosca, comhlíonta agus iniúchta inmheánaigh neamhspleácha mar a thuairiscítear i Roinn 19 de Threoirlínte an ÚBE maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir 2013/36/AE.

g. Ba cheart go n-áireofaí i "gach duine de lucht ardioncaim i bhfochuideachtaí atá faoi réir Airteagal 25 agus Airteagal 34 de Threoir (AE) 2019/2034" gach duine de lucht ardioncaim agus a luach saothair atá le cur san áireamh in Iarscríbhinn II.

h. Ba cheart go n-áireofaí i "gach duine eile de lucht ardioncaim" baill foirne nach féidir iad a leithdháileadh ar cheann de na feidhmeanna nó na limistéir ghnó idir (a) - (g).

# 5. Sonraíochtaí breise maidir le bailiú sonraí lucht ardioncaim le hIarscríbhinn II

36. Chun baill foirne a leithdháileadh ar fheidhmeanna nó ar limistéir ghnó in Iarscríbhinn II, ba cheart do ghnólachtaí breithniú a dhéanamh ar na sonraíochtaí i mír 18 agus i mír 19, a socruithe eagraithe inmheánacha agus an méid seo a leanas:

a. "Ba cheart baill den chomhlacht bainistíochta, lena n-áirítear baill de chomhlacht bainistíochta fochuideachtaí sa chás go gcuireann máthairghnólacht infheistíochta an Aontais, máthairchuideachta sealbhaíochta infheistíochta an Aontais nó máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha an Aontais sonraí ar fáil maidir le grúpa gnólachta infheistíochta, a thuairisciú, de réir mar is infheidhme, faoin gcolún dar teideal "comhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta" nó "comhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta" neamhspleách ar shamhail ghnó an ghnólachta.

b. Ba cheart go n-áireofaí i "déileáil ar a chuntas féin, frithghealladh agus ionstraimí a chur" na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí faoi phointe (3), pointe (6) agus pointe (7) d'Iarscríbhinn I, Roinn A de Threoir (AE) 2014/65[4].

c. Ba cheart go n-áireofaí i "comhairle infheistíochta, ordú a fhorghníomhú" na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí faoi phointe (1), pointe (2) agus pointe (5) d'Iarscríbhinn I, Roinn A de Threoir (AE) 2014/65.

d. Ba cheart go n-áireofaí i "bainistiú punainne" na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí faoi phointe (4) d'Iarscríbhinn I, Roinn A de Threoir (AE) 2014/65 agus bainistiú punann i bhfochuideachtaí an ghnólachta infheistíochta ar gnóthais iad le haghaidh comh-infheistíochta in urrúis inaistrithe agus bainisteoirí cistí infheistíochta malartacha.

e. Ba cheart go n-áireofaí i "oibríocht MTF/OTF" na seirbhísí agus na gníomhaíochtaí faoi phointe (8) agus pointe (9) d'Iarscríbhinn I, Roinn A de Threoir (AE) 2014/65.

f. Níor cheart go n-áireofaí i "feidhmeanna rialaithe neamhspleácha" ach baill foirne a bhfuil ról gníomhach acu sna feidhmeanna bainistíochta riosca, comhlíonta agus iniúchta inmheánaigh neamhspleácha i Roinn 17 de Threoirlínte an ÚBE maidir le rialachas inmheánach faoi Threoir (AE) 2019/2034.

g. Ba cheart go n-áireofaí i "gach duine eile de lucht ardioncaim" baill de lucht ardioncaim nach féidir iad a leithdháileadh ar cheann de na feidhmeanna nó limistéir ghnó faoi (a) go (f).

# 6. Sonraí á mbailiú ag údaráis inniúla

37. Ba cheart d'údaráis inniúla na sonraí riachtanacha maidir le lucht ardioncaim mar atá sonraithe i Roinn 2 a bhailiú gach bliain ó:

a. Institiúidí, de réir mar is infheidhme, ar an leibhéal comhdhlúite nó ar an leibhéal aonair i gcomhréir le hIarscríbhinn I agus, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le hIarscríbhinn II ar an mbealach atá sonraithe sna Treoirlínte seo.

b. Gnólachtaí infheistíochta, de réir mar is infheidhme, ar an leibhéal comhdhlúite nó ar an leibhéal aonair, i gcomhréir le hIarscríbhinn II agus ar an mbealach atá sonraithe sna Treoirlínte seo.

[4] Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE.

# 7. Sonraí á gcomh-iomlánú ag údaráis inniúla

38. Ba cheart do na húdaráis inniúla na sonraí a bhailítear laistigh dá mBallstát ó ghnólachtaí a chomh-iomlánú ar leithligh le haghaidh lucht ardioncaim a tuairiscíodh le hIarscríbhinn I agus le haghaidh lucht ardioncaim a tuairiscíodh le hIarscríbhinn II.

39. Chomh maith leis sin, ba cheart sonraí lucht ardioncaim a chomh-iomlánú de réir na réime íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 75(3) de Rialachán (AE) 575/2013 agus le hAirteagal 34(4) de Rialachán (AE) 2019/2033.

40. Sula ndéanfar sonraí a chomh-iomlánú, ba cheart do na húdaráis inniúla a sheiceáil an bhfuil sonraí tuairiscithe díreach ag na gnólachtaí atá san áireamh i raon feidhme an bhailithe sonraí i bhForoinn 1.1 agus i bhForoinn 1.2. Níor cheart sonraí atá curtha ar fáil ag gnólachtaí eile (e.g. gnólacht infheistíochta beag agus neamh-idirnasctha) nach bhfuil feidhm ag na Treoirlínte maidir leo, a chur san áireamh nuair a bhíonn sonraí á gcomh-iomlánú.

41. Sa chás go bhfuil níos mó ná údarás inniúil amháin ann, e.g. údarás amháin atá freagrach as maoirseacht stuamachta a dhéanamh ar institiúidí agus údarás eile atá freagrach as gnólachtaí infheistíochta, i mBallstát nó sa chás go roinntear freagracht as maoirseacht leis an mBanc Ceannais Eorpach, ba cheart do na húdaráis inniúla an bailiú sonraí a chomhordú eatarthu féin agus na sonraí agus an fhaisnéis is gá a sholáthar dá chéile chun a áirithiú nach mbaileofar agus nach dtuairisceofar ach tacar amháin sonraí don ÚBE don Bhallstát sin agus nach n-áirítear lucht ardioncaim aonair níos mó ná uair amháin sa bhailiú sonraí. Níor cheart go mbeadh ach aon aighneacht amháin d’Iarscríbhinn I comh-iomlánaithe ann agus níor cheart go mbeadh ach aon aighneacht amháin d’Iarscríbhinn II comh-iomlánaithe ann le haghaidh gach Ballstáit.

# 8. Sonraí á gcur ar fáil don ÚBE ag údaráis inniúla

42. Ba cheart d’údaráis inniúla na sonraí comh-iomlánaithe maidir le lucht ardioncaim a chur ar fáil don ÚBE i gcomhréir leis an roinn roimhe seo faoin 31 Iúil gach bliain.

43. Má chinneann údaráis inniúla nach gá dóibh aon sonraí maidir le lucht ardioncaim a thuairisciú, ba cheart dóibh an ÚBE a chur ar an eolas dá réir sin faoin 15 Iúil gach bliain tríd an uirlis TF a úsáidtear chun sonraí a bhailiú.

# 9. Cáilíocht sonraí

44. Ba cheart go mbeadh próisis agus rialuithe iomchuí i bhfeidhm ag gnólachtaí agus ag údaráis inniúla chun a áirithiú go ndéantar sonraí lucht ardioncaim a chomh-iomlánú agus a sholáthar i gceart.

45. Ba cheart do ghnólachtaí agus d’údaráis inniúla iomláine agus sochreidteacht na sonraí maidir le lucht ardioncaim a chuirtear ar fáil a sheiceáil, agus na rialacha bailíochtaithe atá

sonraithe in Iarscríbhinn III a chur san áireamh. Ba cheart d'údaráis inniúla na seiceálacha sin a chur i bhfeidhm i ndáil leis na sonraí comh-iomlánaithe atá le cur faoi bhráid an ÚBE freisin.

